

## Droim Conrach

### 1.0 Comhthéacs agus Nádúr an tSráidbhaile

Tá Droim Conrach suite i gcúinne soir ó thuaidh Chontae na Mí, 3km siar ón N52 atá mar nasc idir Ceanannas agus Baile Átha Fhirdhia/Dún Dealgan. Tá sé suite 7km ó Bhaile Átha Fhirdhia, 10km ón Obair agus 12km ó Dhún an Rí.

Tá lonnaíocht i nDroim Conrach ón tseanaimsir anall mar atá le feiceáil ón tseandálaíocht shaibhir atá ann ar a n-áirítear ráthanna, móta agus caisleáin, patrúin mheánaoiseacha páirceanna, agus an lonnaíocht mheánaoiseach féin sa tsráidbhaile agus taobh léi, atá taifeadta mar shéadchomharthaí náisiúnta. Tá tréithe fisiceacha na hoidhreachta seo le feiceáil inniu i línte na bhfoirgneamh agus insna plásóga a shíneann ón bpríomhshráid agus ó na tailte cúil, ar a n-áirítear Eaglais Pheadair agus Phóil de chuid Eaglais na hÉireann agus an reilig.

Tá croílár stairiúil an tsráidbhaile go dlúth, agus tá snáithe plásóige níos leithne taobh leis na bóithre isteach go dtí an lár. Áirítear ar an oidhreacht thógtha cineálacha coitianta foirgneamh ón naoú aois déag ar an mór gcóir, ina measc struchtúir dhúchasacha d'úrlár amháin nó dhá urlár, tithe níos mó ná sin, is iad sin an teach an pharóiste, teach an reachtaire, foirgnimh eaglasta, agus reiligí, laistigh den tsráidbhaile agus ag an mbealach isteach ann, mar aon le háiteanna cónaithe inlíontacha comhaimseartha, scoil náisiúnta, halla pobail agus pinniúr liathróide, iad go léir ag cur lena shainiúlacht. Tá roinnt de na struchtúir cosanta. De bharr fhíoraíocht na bhfoirgneamh tá radhairc ar fáil i dtreo an mhóta ó thuaidh ón bpríomhshráid a chuireann lena shainiúlacht, tá poitéinseal ann, áfach, d'inlíonadh agus comhdhlúthú taobh leis an bpríomhshráid.

Tá bearnaí geata sainiúla isteach chuig an sráidbhaile ó gach ceann de na bóithre isteach agus na noid laistigh de struchtúr an tsráidbhaile a chruthaíonn mothú sainiúil áite agus féiniúlachta.

Áit san Ordathas lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
<b>Daonra</b> Teorainn Lonnaíochta an POS níos mó ná teorainn an phlean forbartha	2011	2016	% Athrú
	370 duine	345 duine	6.7% laghdú
<b>Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise</b>	20 aonad		
<b>Aonaid a ghealltar nár tógadh fós</b>	2		
<b>Soláthar Tithíochta Foriomlán</b>	157		
<b>Áiseanna Oideachais</b>	'Scoil Náisiúnta Pheadair agus Phóil' Scoil Náisiúnta, Ladybird Childcare Tá an mheánscoil is gaire suite san Obair		
<b>Áiseanna Pobail</b>	Eaglais Chaitliceach Pheadair agus Phóil, Halla Pobail, Gairdín Cuimhneacháin, agus cúrsa galf dhá mhaide, Oifig Phoist agus Lárionad Sláinte Dhroim Conrach agus páirceanna imeartha CLG Dhroim Conrach ó dheas ón limistéar forbraíochta. Eaglais Pheadair agus Phóil de chuid Eaglais na hÉireann (As Úsáid)		
<b>Limistéar Comhaontais Ailtireachta</b>	Ceann ar bith		

<b>Déanmhais Chosanta</b>	<p>Tá 11 struchtúr cosanta suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile:</p> <p>RPS-MH006-200 Eaglais Chaitliceach Pheadair agus Phóil</p> <p>RPS - MH006-201 Teach an Pharóiste, Droim Conrach</p> <p>RPS - MH006-202 Teach an Reachtaire, Droim Conrach</p> <p>RPS - MH006-203 Pinniúr Liathróide</p> <p>RPS - MH006-204 Cloch mhíle Dhroim Conrach</p> <p>RPS - MH006-205 Teach Tábhairne/Teach Muldoon</p> <p>RPS - MH006-206 Eaglais Pheadair agus Phóil de chuid Eaglais na hÉireann</p> <p>RPS - MH006-207 Teach Dhroim Conrach</p> <p>RPS - MH006-209 Reilig Eaglais na hÉireann An Grianán Droim Conrach</p> <p>RPS - MH006-210 Reilig Chaitliceach An Grianán Droim Conrach</p> <p>RPS - MH006-211 Caidéal Dhroim Conrach</p> <p>Tá líon de 10 Láithreán, ghné agus déantán seandálaíochta uimh. amháin laistigh de theorainn an tsráidbhaile liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta:</p> <p>ME006-011 Caisleán – móta</p> <p>ME006-009 Umar</p> <p>ME006-010 Caisleán – móta agus bábhún</p> <p>ME006-010001 Córas páirceanna</p> <p>ME006-010002 Córas páirceanna</p> <p>ME006-012 Lonnaíocht Mheánaiseach</p> <p>Séadchomharthaí laistigh d’imfhálú Eaglais Pheadair agus Phóil de chuid Eaglais na hÉireann</p> <p>ME006-012001 Eaglais (Meánaiseach)</p> <p>ME006-012003 Umar</p> <p>ME006-012004 Reilig</p> <p>ME006-012002 Leac Croise</p> <p>Séadchomharthaí lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile</p> <p>ME006-013 - Fulacht fia</p> <p>ME006-052 - Fulacht fia</p>
<b>Toilleadh Bonneagair</b>	Córas Cóireála Fuíolluisce Dhroim Conrach-Toilleadh Ar Fáil. Soláthar uisce ó Loch Breacáin-Toilleadh Ar Fáil.
<b>Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte</b>	Beartais um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Ceann ar bith.
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Tá líon de 2 chrios Poitéinsil Seandálaíochta laistigh den sráidbhaile.

## 2.0 Fís

Sainiúlacht Dhroim Conrach a chur chun cinn, a shócmhainní saibhre stairiúla agus cultúrtha a léiriú agus cur lena bhraistint ionaid agus féiniúlachta trí scála, sainiúlacht agus oidhreacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chosaint. Forbairt a spreagadh a chuirfidh feabhas ar fhearann poiblí, sainiúlacht agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile agus an tsráid-dreacha atá ann faoi láthair, gabháil leis an abhainn agus spás oscailte bhruach na habhann, an Caisleán, an Móta agus an Bábhún, agus an tírdhreach leathan, agus ceangal a dhéanamh leo. Soláthar a dhéanamh d’fhorbraíocht lena ligfear don sráidbhaile forbairt i mbealach inbhuanaithe, mar áit mhealltach i gcomhair cónaithe, oibre, áineasa agus cuairte. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

## Deiseanna

- Tá bearnaí geata sainiúla isteach chuig an sráidbhaile ó gach ceann de na bóithre isteach agus na nóid laistigh de struchtúr an tsráidbhaile a chruthaíonn mothú sainiúil áite agus féiniúlachta. Tá deis eile ann chun cur leo siúd mar phointí teachta isteach sa sráidbhaile.
- Tá sé mar fhadhb ag lár an tsráidbhaile go bhfuil fearann poiblí ann atá go dona, díchuibheasach, agus go bhfuil foilmhe agus tréigean ann, agus go bhfuil gnéithe bunaidh cailte, saifhuinneoga agus rindreáil aoil ina measc, rud a thógann ó shainiúlacht an tsráidbhaile. Tá an-phoitéinseal ann an timpeallacht fhisiceach a fheabhsú, agus sócmhainní saibhre stairiúla agus cultúrtha an tsráidbhaile a uasmhéadú ar mhaithe leis an lucht cónaithe agus leis na cuairteoirí.

### 4.0 Straitéis Talamhúsáide

D'fhonn éascú le seachadadh na físe do Dhroim Conrach, tá straitéis sráidbhaile beartaithe, ina bhfuil líon eilimintí; sócmhainní stairiúla agus cultúrtha an tsráidbhaile a uasmhéadú; athfhorás a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha agus fisiceach agus feabhas a chur uirthi; struchtúr stairiúla a athúsáid agus a oiriúnú, agus inlínadh le forbraíocht nua chun comhtháthú go leochaileach leis an bhfoirm thógtha atá ann cheana.

#### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Féadtar foirm uirbeach Dhroim Conrach a roinnt i ndá limistéar forbraíochta; siar agus soir ó Abhainn Dhroim Conrach. Tá difríocht shainiúil i nádúr an dá limistéar atá le feiceáil i nádúr agus patrún na forbartha agus na n-úsáidí talún. Is iad na húsáidí pobail atá i gceannas insna tailte siar ó thuaidh, agus is í forbairt oirthir atá mar chroílár an tsráidbhaile, agus tríd is tríd is foirmeacha níos comhdhlúithe forbartha atá anseo.

Baineann an sráidbhaile tairbhe as éagsúlacht cineálacha áiteanna cónaithe ón 19ú aois agus ón 20ú aois luath sa chroílár stairiúil, teachíní scoite agus leathscoite, ardáin agus tithe baile san áireamh. Tá limistéir chónaithe nua suite ar imeall an tsráidbhaile i bhfoirmeacha forbartha bruachbhailteach, iad ceangailte le cosán, ag forbairt tithíochta Pháirc De Valera atá suite siar ó dheas ón mbaile, Amharc an Chnoic siar ó thuaidh, agus Amharc Fada soir ó thuaidh. Is beag cumas atá ann glacadh le forbairt chónaitheach iltithe de bharr an ionaid aird ina bhfuil sé, d'fhéadfadh foirmeacha cónaitheacha cuí comhtháthú go réidh, áfach, leis an bhfoirm thógtha atá ann cheana agus leis an gcomhshaol nádúrtha trí chineálacha áiteanna cónaithe cuí a úsáid a bheadh an fhoirm dhúchasach mar bhonn eolais acu, agus trí láithreánú agus tírdhreachú cuí.

Cuirfear chun cinn forbairt inlíontach/athfhorbraíochta agus talún cúil thar shaolré an Phlean seo. Éileofar go mbeidh an fhoirm forbraíochta ag comhtháthú leis an gcomhthéacs atá ann cheana, agus le lánaí agus siúláin nua atá beartaithe mar chuid den straitéis chun struchtúr uirbeach níos scagaí a chruthú.

#### 4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Tá Droim Conrach sainaitheanta mar lárionad miondíola leibhéal 4 i nGrádlathas Miondíola an Chontae. Tá raon beag seirbhísí miondíola agus gnó aige, ar a n-áirítear 2 siopa áise áitiúla, agus stáisiún peitрил, Oifig Phoist, lárionad cúraim sláinte, garáiste díola carranna, sciamhlann, trí theach tábhairne agus búistéir/bialann beir leat. I measc na n-úsáidí fostaíochta tá na seirbhísí áitiúla agus Clarke Rewinds agus Fastway Couriers atá suite ó dheas ón sráidbhaile. Tá an baile mar lonnaíocht dórtúir i gcomhair bailte eile, ar nós Bhaile Átha Fhirdhia, Dhún an Rí agus Ceanannais a bhfuil deiseanna seanbhunaithe fostaíochta iontu. Tá dóthain cumas forbartha laistigh de na criosanna

úsáide talún tionsclaíocha agus lár an bhaile chun éascú le neartú agus comhdhlúthú úsáidí tráchtála, geilleagracha agus miondíola sa sráidbhaile. Leis an straitéis cuirtear chun cinn an sráidbhaile chun a phoitéinseal turasóireachta a uasmhéadú mar bhealach eile chur cur le forbairt gheilleagrach, agus chun foirm níos inbhuanaithe lonnaithe a bhaint amach.

### 4.3 Bonneagar

Freastalaíonn córas cóireála Fuíolluisce Dhroim Conrach ar an sráidbhaile, agus tá toilleadh áirithe aige. Tagann an soláthar uisce ó Loch Breacáin, agus tá toilleadh ann chomh maith glacadh le forbairt amach anseo.

### 4.4 Gluaiseacht

Tá leagan amach bóithre scaipthe ag Droim Conrach, ag cur a mhéid san áireamh, tá foirm scartha lonnaithe ann de bharr na topagrafaíochta, agus ní maith na ceangail atá idir na limistéir chónaitheacha agus lár an tsráidbhaile. Tá an Phríomhshráid leathan, ach tá sé drochshainithe, agus tá carranna ceannasach ann.

Níl freastal iompair poiblí ag Droim Conrach, tá na naisc iompair poiblí is gaire go dtí an sráidbhaile le fáil i nDún an Rí, An Obair, Baile Átha Fhirdhia agus Carraig Mhachaire Rois a fheastalaíonn seirbhísí poiblí bus orthu.

Cuirfidh an plean seo chun cinn córa iompair inbhuanaithe mar shiúl agus rothaíocht, trí sráideanna agus spásanna scagacha agus nasctha a chruthú agus áiseanna do choisithe a fheabhsú. Tá cosáin beartaithe chomh maith a bheidh ag síneadh ón sráidbhaile go dtí forbraíochtaí tithíochta, sean agus nua, agus táthar chun iad a chomhtháthú le siúláin áineasa taobh le hAbhainn Dhroim Conrach agus an spás oscailte taobh leis, agus leis na bealaí go dtí Móta an Chaisleáin agus an Bábhún ó thuaidh ón sráidbhaile. Tá beartaithe chomh maith na limistéir páirceála ar an bpríomhshráid a réasúnú mar chuid de na feabhsúcháin fhoriomlána ar an bhfearann poiblí. Cuirtear chun cinn sa Plean seo soláthar seirbhíse bus poiblí go dtí an sráidbhaile, agus déanfaidh an tÚdarás teagmháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair ina leith seo.

### 4.5 An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

Acmhainní tábhachtacha iad oidhreacht thógtha agus nádúrtha Dhroim Conrach nach mór a chosaint agus a fheabhsú chun cur leis an mbraistint ionaid agus féiniúlachta. Cuirtear chun cinn sa straitéis forbraíochta cosaint na n-acmhainní seo agus cur i láthair a luacha oidhreachta. Áirítear air seo cosaint na bhfoirgneamh agus na struchtúr a mbaineann tábhacht stairiúil leo, feabhsú shuíomh na struchtúr cosanta taobh leis an tSráid Mhór, agus suíomh Theach an Reachtaire i nDroim Conrach freisin. Leis an straitéis úsáide talún leathnaítear an limistéar ardfhóntais os comhair na struchtúr amach a bhfuil a aghaidh le Bóthar Bhaile Shláine. Tá sé beartaithe chomh maith bealaí coisithe a chomhtháthú chun éascú le réidhe rochtana ar shócmhainní oidhreachta agus áineasa.

### 4.6 Bonneagar Glas

Tá an sráidbhaile suite i dtaobh tíre foraoisithe droimníneach agus sníonn Abhainn Dhroim Conrach agus fo-aibhneacha d'Abhainn an Ghearraidh agus An Níth tríd agus timpeall lár an tsráidbhaile. Tá suíomh Theach an Reachtaire agus Eaglais Pheadair agus Móta an Chaisleáin sa tírdhreach sainithe le crainn lánfhásta, mealltacha siar ó dheas ón sráidbhaile. Tá radhairc chosanta ó thuaidh ón Móta agus ón mBábhún, atá mar chúla ag an sráidbhaile, agus tá radhairc soir ó Bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia. Cuireann na heilimintí seo go léir lena oidhreachta agus lena shuíomh nádúrtha. Tá radhairc chosanta ó Bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia agus i dtreo an Mhóta agus an Bábhúin. Coimeádtar na radhairc chosanta seo leis an straitéis seo agus saináithnítear iad ar an Léarscáil Zónála Úsáide Talún.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá bunscoil amháin i nDroim Conrach ‘Scoil Náisúnta Pheadair agus Phóil’ suite ar Bhóthar Dhún an Rí siar ó thuaidh ón sráidbhaile. Tá cúrsa galf dhá mhaide sa sráidbhaile chomh maith, lárionad pobail taobh leis an gcúrsa, agus oifig phoist taobh leis an siopa áise. Tá páirc imeartha an CLG suite ó dheas ón sráidbhaile lasmuigh den teorainn forbraíochta ar Bhóthar Na hOibre. Tá an Lárionad Cúraim Sláinte suite soir ón sráidbhaile, taobh leis na reiligi áitiúla.

Ullmhaíodh Plean Pobail Dhroim Conrach faoi *Renaissance Breathing Life into Rural Villages* ag Comhpháirtíocht na Mí in Eanáir 2013. Tá líon de phríomhthionscadail i bplean an phobail mar chomhlánú ag an straitéis úsáide talún agus sráidbhaile atá le fáil sa Phlean seo.

Ina leith seo, bíodh is go meastar gur leor an leibhéal áiseanna sibhialta agus pobail chun freastal ar riachtanais an tSráidbhaile i bhfianaise an daonra atá ina gcónaí ann faoi láthair, bhainfeadh an sráidbhaile tairbhe as feabhsú fócasaithe ar na háiseanna atá ann faoi láthair, agus as soláthar spáis áineasa do chách mar atá curtha chun cinn sa Phlean Pobail.

Tá úsáidí talún Pobail, Sóisialta agus áineasa coimeáda sa straitéis úsáide talún a éascóidh le fairsingiú féideartha ar na háiseanna. Ina theannta sin, tá líonra fairsing de shiúláin taitneamhacha beartaithe taobh leis an abhainn, laistigh de na spáis ghlasa atá beartaithe, iad ag ceangal lár an tsráidbhaile leis an Móta agus an Bábhún.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Moltar sa Phlean seo go gcuirfí leis na bearnaí geata isteach sa sráidbhaile i bhfoirm feabhsúchán ar an bhfearann poiblí ina mbeadh comharthaíocht/brandáil don sráidbhaile corpraithe.

Sainítear croílár an bhaile leis an spás líneach i lár an tsráidbhaile stairiúil. Tá feabhsúcháin ar an réimse poiblí beartaithe chun caighdeán timpeallachta an spáis seo a fheabhsú, le soláthar cosán breise agus feabhsaithe do choisithe, soilse poiblí agus tírdhreachú a chuimsiú, agus bealaí rothaíochta a chur san áireamh de réir mar is cuí. Tá sé i gceist chomh maith na limistéir coisithe agus páirceála a réasúnú agus spás críochnaithe ar ardchaighdeán a chruthú taobh leis an bpríomhshráid a oirfidh do choisithe, agus a mbeidh an lucht cónaithe agus cuairteoirí araon in ann siúl ar a suaimhneas ann.

Moltar leis an straitéis seo go gcruthófaí ceangail idir pobail atá ann faoi láthair agus áiseanna ó Pháirc De Valera, agus go mbeadh ceangal mar an gcéanna idir limistéir forbraíochta nua ar bith agus an príomhshráid.

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

## Beartas

### Lonnaíocht agus Tithíocht

Is é beartas na Comhairle:

DROIM BEARTAS 1	Sainiúlacht Dhroim Conrach a chur chun cinn, a shócmhainní saibhre stairiúla agus cultúrtha a léiriú agus cur lena bhraistint ionaid agus féiniúlachta trí scála, sainiúlacht agus oidhreacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chosaint, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh feabhas ar fhearann poiblí, sainiúlacht agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile agus an tsráid-dreacha atá ann faoi láthair, gabháil leis an abhainn agus spás oscailte bhruach na habhann, an Caisleán, an Móta agus an Bábhún, agus an tírdhreach leathan, agus ceangal a dhéanamh leo, agus soláthar a dhéanamh d'fhorbraíocht lena ligfear don tsráidbhaile forbairt i mbealach inbhuanaithe, mar áit mhealltach i gcomhair cónaithe, oibre, áineasa agus cuairte .
-----------------	---

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

### Lonnaíocht agus Tithíocht

DROIM CUSP 1	Deimhin a dhéanamh de go gcuirfear Croí-straitéis an Phlean Forbartha don Chontae, sa mhéid gur féidir é, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlach do Dhroim Conrach mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Croí-straitéis.
DROIM CUSP 2	Bheith ag tacú agus ag spreagadh forbraíocht chónaitheach ar thalamh tearcúsáidte agus/nó tailte folmha ar a n-áirítear suíomhanna 'inlíontacha' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ag ardchaighdeán deartha agus leagan amach bheith bainte amach.
DROIM CUSP 3	Bheith ag spreagadh athchóirithe ar áiteanna cónaithe tréigthe atá ann faoi láthair i gcroílár an tsráidbhaile, Doyles Garage agus athúsáid struchtúr tréigthe taobh leis an bpríomhshráid.
DROIM CUSP 4	Bheith ag spreagadh forbraíocht inlíontach i gcroílár an tsráidbhaile taobh thiar den phríomhshráid. Ní mór go léireodh forbairt nua meas ar scála, mórdhlúthú agus carachtar an tsráidbhaile stairiúil.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

DROIM CUSP 5	Bheith ag spreagadh fhorbairt phoitéinseal turasóireachta an tsráidbhaile, ceangal a dhéanamh le bailte, sráidbhailte agus áiseanna turasóireachta sa cheantar.
DROIM CUSP 6	Tacú le cruthú féiniúlachta do Dhroim Conrach a léireodh a oidhreacht shaibhir chultúrtha agus an stair mheánaoiseach taobh thiar de, agus ceangal a dhéanamh le conair fhéideartha turasóireachta idir Droim Conrach agus bailte agus sráidbhailte eile sa cheantar.

**DROIM CUSP 7** Croílár an tsráidbhaile a chosaint agus a fheabhsú agus tacú le lár tráchtála an tsráidbhaile a chomhtháthú timpeall ar an bpríomhshráid, mar aon le hathúsáid suíomhanna folmha agus foirgneamh tréigthe tearcúsáidte chun críocha cónaitheacha, tráchtála nó oidhreachta/turasóireachta.

### Bonneagar

**DROIM CUSP 8** Teagmháil agus tacú a thabhairt d'Uisce Éireann i soláthar seirbhísí uisce leordhóthanacha chun freastal ar riachtanais forbartha an tSráidbhaile laistigh de thréimhse an Phlean.

### Gluaiseacht

**DROIM CUSP 9** Feabhas a chur ar na nascachtaí do choisithe ó Pháirc De Valera go dtí an phríomhshráid trí spás glas Abhann Dhroim Conrach.

**DROIM CUSP 10** Feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí a chur ar fáil ar a n-áireofaí moilliú tráchta agus tosaíocht do choisithe ar an bPríomhshráid.

**DROIM CUSP 11** Teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le seirbhís bus a sholáthar i Dhroim Conrach.

### An Oidhrecht Cultúrtha agus Náisiúnta

**DROIM CUSP 12** Sainiúlacht agus suíomh ar leith Eaglais Pheadair de chuid Eaglais na hÉireann, na foirgnimh a bhaineann leis, agus na tailte a ghabhann leis a fheabhsú agus a chosaint, agus feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí a chomhtháthú mar chuid den phríomhshráid chuig an bhfoirgneamh.

**DROIM CUSP 13** Radhairc ó Bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia agus i dtreo an Mhóta agus an Bhábhúin a chosaint.

**DROIM CUSP 14** Na mothair shuntasacha crann sa sráidbhaile mar atá sainaitheanta sa léarscáil zónála úsáide talún a chosaint

### Sóisialta

**DROIM CUSP 15** Cur le húsáidí pobail agus áineasa ar a n-áirítear tacaíocht d'fhorbairt limistéir súgartha do pháistí sa sráidbhaile, agus spás oscailte poiblí a shainaithint taobh leis an abhainn.

**DROIM CUSP 16** Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt siúlán nasctha áineasa taobh le sruthanna agus fála sceanach, agus chuig na suíomhanna seandálaíochta laistigh den sráidbhaile agus taobh leis, chun tuiscint ar an oidhrecht thógtha agus nádúrtha laistigh den sráidbhaile a éascú don lucht cónaithe agus do chuirteoirí.

**DROIM CUSP 17** Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt páirce poiblí atá taitneamhach, ach go bhfuil sí dearmadta, ar na tailte spáis ghlais taobh le hAbhainn Dhroim Conrach.

**DROIM CUSP 18** Bheith ag éascú agus ag tacú le feidhmiú Phlean Pobail Athbheochan Dhroim Conrach agus le tionscadail arna dtreorú ag an bpobal chun cur leis an sráidbhaile i mbealaí éagsúla ach cinntiú ag an am céanna go mbíonn na tionscadail a thagann astu sin comhsheasmhach leis na cuspóirí forbartha atá le fáil sa Ráiteas Scríofa seo don sráidbhaile.

**Dearadh Uirbeach agus Fearann Poiblí**

DROIM CUSP 19	Cur leis na bearnaí geata isteach ar an sráidbhaile i bhfoirm feabhsúchán ar an bhfearann poiblí a mbeidh brandáil don sráidbhaile corpraithe iontu.
DROIM CUSP 20	Cur leis na nóid agus na spáis atá ann faoi láthair laistigh den sráidbhaile, trí chosáin bhreise feabhsaithe do choisithe, agus soilsiú agus tírdhreachú poiblí a sholáthar, agus rotharbhealaí corpraithe de réir mar is cuí. Na limistéir coisithe agus páirceála a réasúnú agus spáis chríochnaithe inaitheanta ar ardchaighdeán a chruthú taobh leis an bpríomhshráid a mbeidh an lucht cónaithe agus cuairteoirí araon in ann siúl ar a suaimhneas ann.
DROIM CUSP 21	Bheith ag cur limistéar nua forbraíochta chun cinn chun na siúláin áineasa atá beartaithe a mhaisiú agus iad a chomhtháthú leo.
DROIM CUSP 22	Cinntiú go mbíonn gach forbraíocht nua ag teacht le scála, foirm agus sainiúlacht an tsráidbhaile.